DÚNMHARÚ AR AN DART

Úrscéal d'Fhoghlaimeoirí Fásta

le

Ruaidhrí Ó Báille

Cló Iar-Chonnachta
Indreabhán, Co. na Gaillimhe

1. An Corp

"Ó a dhiabhail!"*
Rith Niall Ó Conaill amach an doras ar nós na gaoithe*. Bhí sé a leathuair* tar éis a hocht agus bhí cúig nóiméad aige chun an *Dart* a fháil. Bhí a theach ar an tSeanchill síos an bóthar ón stáisiún, ach an mhaidin seo bhí sneachta agus leac oighir* gach áit.

Nuair a tháinig sé go dtí bun an bhóthair, bhí an t-oighear an-dona. Lean sé air, ag rith agus ag scátáil* go dtí gur shroich sé an stáisiún. Go tobann, tógadh dá chosa é!

"Aaaaaaaaaaaaaagh!"

Chuaigh a chás* suas san aer, agus thit Niall ar a thóin* ar an talamh. Bhí áthas air nach raibh aon daoine timpeall. Sheas sé agus thosaigh sé ag siúl arís - go mall an uair seo. Ansin, chuala sé an traein, agus thosaigh sé ag rith. Ach bhí sé ródhéanach. Nuair a shroich sé an t-ardán*, chonaic sé na doirse ag dúnadh agus an traein ag imeacht léi. "Damnú air*!" ar seisean.

Tháinig traein eile, agus fuair Niall suíochán gan aon trioblóid*. "Huth! Tá gach duine fós sa leaba!" a dúirt sé leis féin. "Is amadán mise agus teacht amach maidin mar seo. Beidh an scoil dúnta*."

Stop an *Dart* ag Deilginis agus d'fhág cupla duine an traein. Ach ní raibh aon duine ag fanacht* ar an ardán. "Níl duine ar bith ag dul ag obair inniu!" Go tobann, chuala sé rud éigin taobh amuigh den bhfuinneog. D'fhéach sé timpeall agus chonaic sé

fear óg le cás dubh ina láimh ag rith chun an traein a fháil. Bhí dath dearg ar a aghaidh ó bheith ag rith agus ní raibh cuma mhaith air ar chor ar bith.

D'oscail* an fear doras na traenach, agus tháinig sé ar bord*. Chonaic Niall go raibh a chás díreach cosúil lena chás féin. "Múinteoir eile? Ní hea, tá sé róshalach." Bhí fearg* ar Niall nuair a shuigh an duine eile in aice leis.

"Huth! fiche suíochán folamh sa charráiste, agus caithfidh sé suí ar mo cheannsa!" Ní dúirt an fear eile rud ar bith.

"Tá sé fuar." arsa Niall chun an ciúnas a bhriseadh. Dhún an fear a shúile.

"Féach air sin! Amuigh ag damhsa go dtí a cúig a chlog ar maidin is dócha."

Thit ceann an fhir óig anuas ar ghualainn* Niall. "In ainm Dé*!" ar seisean leis féin. "Tá mo bhríste fliuch, tá mo thóin tinn, agus anois tá daoine ag dul a chodladh orm!" Chuir sé a lámh ar láimh an duine eile.

"Em..... gabh mo leithscéal. An bhfuil tú ceart go leor?"

Ní bhfuair sé aon fhreagra*.

"Bhuel, is féidir leatsa an lá ar fad a chaitheamh i do chodladh ansin. Tá obair le déanamh agamsa!" Sheas sé. Nuair a bhí gualainn Niall imithe, thit an fear eile síos ar an suíochán. D'fhan sé ansin soicind*, agus ansin thit sé ar an urlár*, é ag bualadh a chinn go dona.

"Ó a dhiabhail!"
Sheas bean a chonaic an rud a tharla, agus lig sí scread aisti.

"Aaaaaaaieee! tá sé marbh*!

Chuaigh Niall síos ar a ghlúine. "Níl sé marbh, tá....." Stop sé. Bhí cóta an fhir oscailte anois. Bhí paiste* dearg ar a léine. D'fhéach Niall ar a lámha féin bhí siad fliuch - le fuil!

"Stop an traein, Stop an traein!" Rith an bhean go dtí an corda éigeandála* agus tharraing* sí é. Chuala siad screadaíl* fhada, agus, go mall, tháinig an traein chun stop. Níor thóg sé ach tríocha soicind ar an tiomanaí teacht. Fear beag ramhar a bhí ann, a raibh gruaig* liath* ar dhá thaobh a chinn, agus tada* ar a bharr.

"Céard é seo? Céard é seo? Cé rinne é sin? £25 is ea an píonós má..." Chonaic sé an fear ar an talamh.

"Otharcharr*! Caithfimid otharcharr a fháil. Tá ospidéal i nDún Laoghaire, beidh muid ag stopadh ansin."

Nuair a stop an traein i nDún Laoghaire, fuair Niall blaincéad* ón oifig agus chuir sé ar an duine bocht é. Faoin am seo bhí grúpa daoine timpeall ar an bhfear. Bhí an tiománaí ag rith suas síos an ardán mar amadán ag fanacht ar an otharcharr. Go tobann, chonaic sé na fir leis an sínteán*, agus bhris sé tríd na daoine.

"Déan spás*! Déan spás! Tá siad anseo."

D'fhéach Niall ar a uaireadóir*. "Cúig chun a naoi. Caithfidh mé rith." Chuaigh sé ar ais go dtí a shuíochán chun a chás a fháil. Bhí cúpla duine fós sa charráiste agus ní cuma shásta a bhí orthu. Thóg sé an cás agus d'imigh sé leis. "Ní féidir liom tada eile a dhéanamh anseo."

Bhí an ceart aige. Bhí an scoil dúnta. Bhí an